Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Próiseas Droichead
# Príomhchéimeanna agus Gníomhartha Molta Bunscoile

## Ag ullmhú do mhúinteoir nuacháilithe (MNC)

1. **Clárú agus oiliúint**
    - Roghnaigh baill na Foirne Gairmiúla Tacaíochta (FTG)
    - Cláraigh chun dul i mbun oiliúna ag aine.kilbride@oide.ie
    - Freastalaíonn an FTG ar an oiliúint a sholáthraíonn an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead.
2. **An próiseas pleanála**
    - Céad chruinniú/ithe den FTG: Féach an clár oibre samplach
    - Freagrachtaí an FTG a aontú
    - Táscairí agus samplaí de chomhthéacs na scoile a roghnú chun tacú le Caighdeáin & Plean Ionduchtaithe Droichead
    - Sracphlean Droichead a ullmhú (de réir polasaí)
    - An Paca Fáiltithe a réiteach
    - Tús a chur le Beartas Ionduchtúcháin a chur i dtoll a chéile
    - Cur i láthair don fhoireann uile a leagan amach

## Dul i mbun an phróisis le MNC

1. **An próiseas a ghníomhachtú**

Déanann an MNC iarrtas ar líne https://www.teachingcouncil.ie/ga/ chun próiseas a thosú. Cuireann an MNC cóip den ríomhphostdeimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta ar fáil do FTG na scoile. Cuirtear túsle próiseas Droichead nuair a bhíonn sin déanta **agus** tar éis do bheirt bhall ar a laghad dul faoin gcéad dá lá oiliúna do FTG.

2. **Ag cur tús leis an bpróiseas**

Socraíonn an FTG cruinniú tosaigh leis an MNC: Féach an clár oibre samplach

3. **Le linn an phróisis**

Úsáideann an FTG agus an MNC caighdeáin Droichead chun an próiseas a threorú. Socraíonn an FTG cruinnithe rialta agus comhráite don FTG féin agus idir an FTG agus an MNC. Ba chóir **athbhreithniú gach ráithe** a chur san áireamh anseo. Is féidir leis an MNC gníomhaíochtaí oiriúnacha ionduchtaithe a roghnú as an dTaisce mar fhócas do chomhráite gairmiúla, atá lárnach do phróiseas Droichead.

I gcomhar leis an MNC, soláthraíonn an FTG gníomhaíochtaí oiriúnach ionduchtaithe ar aon dul le riachtanais atáag teacht chun cinn san MNC. Áirítear anseo na comhráite gairmiúla a luadh cheana. Coimeádann an FTG agus an MNC taifid de na gníomhaíochtaí ionduchtaithe scoilbhunaithe. Bíonn teagmháil ag an FTG trí theagmhálaí ainmnithe na scoile.

Freastalaíonn an MNC **ar chnuaschruinniú in aghaidh an téarma.** Beidh cnuaschruinnithe ar fáil de réir Droichead - Féilire na gCnuaschruinnithe – 2024.2025 Ba chóir é seo a léamh I gcomhar le Cnuaschruinniú: Faisnéis Thábhachtach agus Prótacail Tinrimh ina dtugtar nasc le gur féidir leat clárú. Ba chóir do MNCanna bheith páirteach i ngníomhaíocht foghlamagairmiúla amháin eile, a roghnóidh siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhar leis an FTG. Tinrimh ina dtugtar nasc le gur féidir leat clárú. Ba chóir do MNCanna bheith páirteach i ngníomhaíocht foghlama



cc BY NC

gairmiúla amháin eile, a roghnóidh siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhar leis an FTG.

### 4. Deireadh a chur leis an bpróiseas

Bíonn comhrá gairmiúil ag an MNC agus an FTG i dtreo dheireadh an phróisis. Íoslódálann an MNC Foirm D trí logáil isteach i dtairseach láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Síníonn an MNC agus na baill den FTG a thacaigh leis an MNC sa phróiseas an Comhdhearbhú (le fáil ar Fhoirm D). Ansin uaslódálann an MNC Foirm D uair amháin eile (na 5 leathanach) ar an tairseach.

Tar éis Foirm D a sheiceáil, bainfidh an Chomhairle Múinteoireachta an coinníoll maidir le Droichead de chlárú anmhúinteora.

Moltar don Phríomhoide agus don FTG athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas Droichead, le hionchur ón MNC,féachaint an bhféadfaí an próiseas a fheabhsú (más gá) don chéad bhliain eile.